Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**8804/19**

**CULT 77**
**JEUN 67**
**EDUC 224**
**DIGIT 96**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8401/19 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le glúine óga cruthaitheacha - *Glacadh* |

D'ullmhaigh an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha na dréachtchonclúidí thuas d'fhonn go nglacfaí iad ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt ar an 22-23 Bealtaine 2019. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá réir sin an téacs a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh agus, tar a éis sin, lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le glúine óga cruthaitheacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

– an cúlra polaitiúil lena gcuirtear chun suntais a thábhachtaí atá sé Aontas a chruthú ina bhfaighidh daoine óga an t-oideachas agus oiliúint is fearr is féidir agus go bhféadfaidh siad staidéar a dhéanamh agus poist a aimsiú ar fud na mór-roinne agus ag cur in iúl di an gá atá le deiseanna níos fearr a chur ar fáil do dhaoine óga trí bhearta coincréiteacha agus cláir feabhsaithe de chuid an Aontais, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn,

– an Clár Oibre Nua Eorpach don Chultúr, a ghlac an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 2018, lena gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá an cultúr agus an chruthaitheacht don tsochaí agus d'iomaíochas gheilleagar na hEorpa,

– cuspóirí an Phlean Oibre don Chultúr 2019-2022, a glacadh ar an 27 Samhain 2018, agus an t-aitheantas atá ann gur gá díriú níos fearr ar riachtanais grúpaí sonracha, amhail daoine óga, chun an comhtháthú agus an fholláine a fheabhsú.

AGUS Í FEASACH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

– Beidh sé bunriachtanach daoine óga a mhealladh le beartais na todhchaí, agus, dá bharr sin, beidh sé ríthábhachtach cluas éisteachta a thabhairt dóibh sna blianta atá romhainn.

– Is iomaí dúshlán atá roimh leanaí agus daoine óga i saol domhandaithe na linne seo agus tá sé tábhachtach, mar sin, go dtuigfidís luachanna cultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha agus iad ag ullmhú don saol mar shaoránaigh dhomhanda.

– De bharr forbairtí digiteacha, tá athrú tagtha ar chruthú, ar tháirgeadh, ar dháileadh, ar tharchur agus ar ídiú saothar cultúrtha agus cruthaitheach, rud a chuidíonn le scaipeadh na saothar sin ar fud an domhain. Fágann an digitiú a mhúnla féin ar mhodhanna nua rochtana ar an gcultúr, ar an athchiallú pearsanta agus ar an bhféinléiriú, agus músclaíonn a leithéid an-suim i measc na n-óg go ndéanann lucht éisteachta/féachana gníomhach díobh.

– Tá scileanna nua ag teastáil ó dhaoine óga chun go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha, amhail dífhostaíocht, eisiamh sóisialta, an imirce, agus teicneolaíochtaí nua lena bhféadfaí an bearna éagothromaíochta a mhéadú agus difríochtaí cultúrtha agus eacnamaíocha a atreisiú - in ainneoin na mbuntáistí a bhaineann leo.

– Tá forbairt scileanna ealaíonta cruthaitheacha agus cothú tallainne i gcroílár na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, agus is é sin a chuireann an nuálaíocht, lena n-áirítear an nuálaíocht shóisialta, chun cinn d'fhonn fás cliste inbhuanaithe cuimsitheach a bhaint amach.

– Tá scileanna teanga bunriachtanach le haghaidh soghluaisteacht san Aontas Eorpach a mhéid a bhaineann le hoideachas, le hoiliúint, le rochtain ar chultúr agus ar an margadh saothair Eorpach.

MEASANN SÍ AN MÉID A LEANAS:

I bhfianaise an mhéid sin thuas, tá sé tábhachtach go ndéanfar céimeanna breise chun aghaidh a thabhairt ar na cúig thosaíocht seo a leanas:

- rochtain níos fearr ar chultúr agus rannpháirtíocht sa chultúr do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn;
- comhar trasearnála a atreisiú, lena ndíreofar ar shineirgí idir an cultúr agus an t-oideachas;
- fiontraíocht na hóige sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a éascú;
- teacht chun cinn tallann nua a chothú;
- scileanna digiteacha agus an tuiscint ar na meáin a chur chun cinn.

CUIREANN SÍ AN MÉID A LEANAS I bhFIOS:

– Bíonn ról lárnach ag eagraíochtaí cultúrtha, institiúidí oideachasúla agus obair óige leis an mbonn a chur faoin gcruthaitheacht, rud atá ríthábhachtach d'fhorbairt na sochaí trí chéile.

– Tá gá le cur chuige níos straitéisí maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa saol cultúrtha, chun a gcruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú agus chun cabhrú leo na scileanna a fhorbairt atá tábhachtach dá leas féin, dá n-oiliúint, dá mbraistint chómhuintearais, dá saoránacht ghníomhach, dá gcuimsiú sóisialta agus dá n-infhostaitheacht sa todhchaí nó dá gcumas gnólacht a thosú.

– Gona scileanna cultúrtha agus cruthaitheacha, arna sealbhú tríd an oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, bíonn na huirlisí ag daoine óga chun cruthaitheacht agus airgtheacht a léiriú, chun fadhbanna a réiteach agus chun obair a dhéanamh i gcomhpháirt agus ar bhonn turgnamhach. Tá cur chuige turgnamhach ríthábhachtach chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn. Is ríthábhachtach an ról a ghlacann an t-oideachas ealaíonta agus cultúrtha, mar chuid de chur chuige speisialaithe nó idirdhisciplíneach, mar sin, i gcruthú deiseanna breise do ghlúine is óige, rud a chuidíonn leo aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí, agus a chothaíonn cumhachtú, forbairt phearsanta agus comhthuiscint chultúrtha iontu.

– Tá sé tábhacht freisin bearta a spreagadh lena n-éascófaí idirthréimhse réidh ón gcóras oideachais go dtí an margadh saothair, lena n-áirítear trí thacú le fiontraíocht na hóige, le tréimhsí oiliúna agus le printíseachtaí sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha.

– Ní grúpa aonchineálach iad daoine óga a mhéid a bhaineanna lena gcuid scileanna, a leibhéal oideachais, a n-ullmhacht don todhchaí agus na h-ionchais atá acu. Maidir le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a leagtar amach chun na scileanna sin a chothú agus a fheabhsú atá riachtanach chun dul isteach sa mhargadh saothair nó chun tabhairt faoin bhfiontraíocht, agus do shaol an duine fhásta go ginearálta, ba cheart iad a chur in oiriúint don chumas atá sna glúine óga cheana.

– Maidir le neamhionannais agus bacainní eacnamaíocha nó sóisialta a d'fhéadfadh bac a chur ar rochtain daoine óga ar an saol cultúrtha agus ar a rannpháirtíocht ann mar chruthaitheoirí, tomhaltóirí agus fiontraithe, nó ar a rochtain ar theicneolaíochtaí nua, ba cheart iad a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun a áirithiú go bhféadfar teacht i dtír go hiomlán ar ionchur agus ar rannpháirtíocht na ndaoine óga uile, lena n-áirítear grúpaí is teirce a ndeiseanna.
– Ba cheart, mar sin, aird ar leith a thabhairt ar dhaoine óga atá i mbaol imeallú de bharr an bhunaidh eitnigh, na hinscne, an chlaonta gnéis, míchumas, an reiligiúin, an chreidimh nó na dtuairimí polaitiúla a d'fhéadfadh a bheith acu, chun go n-áiritheofar go gcuimseofar an uile dhuine óg.
– Bíodh is go bhfuil raidhse shaibhir cultúir ann anois, a bhuí don éabhlóid dhigiteach, ní hionann sin agus rochtain a ráthú ar ábhar cultúrtha ilteangach ar ardchaighdeán. Tá sé fíorthábhachtach, mar sin, go ndéanfar beartais chultúrtha lena gcuirtear comhionannas deiseanna do dhaoine óga chun cinn a chomhdhlúthú, chun go bhféadfaidh na daoine óga uile blaiseadh den chultúr agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil, mar aon lena gcuid scileanna criticiúla agus anailíseacha, a fhorbairt, mar is gnéithe iad sin atá bunriachtanach chun go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar ábhar cultúrtha digiteach agus idirghníomhú leis.
– Is dea-thionchar a bhíonn ag na teicneolaíochtaí digiteacha ar fhorbairt na cruthaitheachta, ós rud é go gcumasaítear leo foirmeacha nua léirithe, cumarsáide, rannpháirtíochta cultúrtha agus critice. Ina theannta sin, féadfaidh an chruthaitheacht ról tábhachtach a imirt maidir le teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir. Féadfar a áirithiú le daonnú na dteicneolaíochtaí, mar sin, gur ar sheirbhís na ndaoine a bheidh siad agus go ndéanfaidh siad freastal ar riachtanais na ndaoine. Mar chruthaitheoirí cultúrtha agus tomhaltóirí cultúrtha araon, is fearr leis na glúine óga - ar dúchasaigh dhigiteacha iad go minic - samhlacha nua gnó nárbh ann dóibh cheana. Ón bpeirspictíocht sin, féadfaidh sásraí nuálacha airgeadais an fhiontraíocht a chothú agus rannchuidiú fíorthábhachtach a sholáthar do gheilleagar cruthaitheach an lae inniu atá iomaíoch, inbhuanaithe agus nuálaíochtbhunaithe.
– Ag aithint thuarascáil thorthaí na meithle um mhodh oscailte comhordúcháin, dar teideal '*The role of public policies in developing entrepreneurial and innovation potential of the cultural and creative sectors*'[ról na mbeartas poiblí maidir le hacmhainneacht fhiontraíoch agus nuálaíoch earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a fhorbairt], tá sí ríthábhachtach go gcuirfí san áireamh saintréithe sonracha thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, eadhon éagsúlacht na slabhraí luacha agus, maidir le mórchuid na gcuideachtaí sna hearnálacha sin gur fiontair bheaga nó micrifhiontair atá iontu nó gur daoine féinfhostaithe atá in mbun. Dá bharr sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na saintréithe suaithinseacha sin le bearta a thacaíonn le cruthaitheacht agus fiontraíocht na nglún óg.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGHAIDH A THABHAIRT AR NA CÚIG THOSAÍOCHT SEO A LEANAS:

1. <u>Rochtain níos fearr ar chultúr agus rannpháirtíocht sa chultúr do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn</u>

Iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint de dheiseanna a chruthú do leanaí agus daoine óga chun rochtain a fháil ar an saol cultúrtha agus chun a bheith rannpháirteach ann, go háirithe dóibh siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, d'fhonn na héagothromaíochtaí agus an neamhionannas sóisialta a laghdú, agus d'fhonn teacht ar an lucht féachana is leithne is féidir; comhionannas deiseanna a áirithiú do leanaí agus daoine óga i gcathracha agus faoin tuath araon, d'fhonn bacainní ar rochtain chomhionann ar an saol cultúrtha agus rannpháirtíocht ann a bhaint, trí eagraíochtaí nó imeachtaí cultúrtha nó trí mhodhanna digiteacha;

(ii) rannpháirtíocht ghníomhach sa saol cultúrtha a éascú tríd an gcomhchruthaitheacht agus an t-ilteangachas a chur chun cinn;

(iii) eagraíochtaí cultúrtha a spreagadh chun an t-ábhar a thairgeann siad a chur chun cinn agus a oiriúnú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí digiteacha, chun teacht níos fearr a bheith acu ar leanaí agus lucht féachana óg agus an spéis atá acu i gcultúr, i léiriú ealaíonta agus in eolaíocht a mhéadú;

(iv) beartais fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn trí fhaireachán rialta a dhéanamh ar thomhaltas, iompar agus fabhair chultúrtha leanaí agus daoine óga, agus ar an méid a bhaineann siad amach i ndáil le cruthaitheacht agus scileanna teanga;

(v) an léitheoireacht a chur chun cinn tuilleadh i measc leanaí agus daoine óga, mar mhodh bunriachtanach chun eolas a chur ar an gcultúr san uile léiriú atá aige.

Iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú le malartuithe dea-chleachtas agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama i measc na mBallstát;

(ii) tacú le tionscnaimh nuálaíocha a leagtar amach chun rochtain daoine óga ar an saol cultúrtha agus ar a rannpháirtíocht ann mar chruthaitheoirí, tomhaltóirí agus fiontraithe a fheabhsú.

2. <u>An comhar trasearnála a atreisiú, lena ndíreofar ar shineirgí idir an cultúr agus an t-oideachas</u>

Iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú leis an oideachas ealaíonta agus cultúrtha, lena gcuirfí chun cinn taithí ar ghníomhaíochtaí cultúrtha agus rannpháirtíocht iontu, agus lena dtiocfaí i dtír ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun cabhrú le rochtain ar chultúr agus ar theangacha a chur ar fáil;

(ii) comhar a spreagadh idir scoileanna, ealaíontóirí, gairmithe chultúrtha agus eagraíochtaí cultúrtha eile a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama tiomnaithe do leanaí agus daoine óga;

(iii) oideachas agus oiliúint múinteoirí agus gairmithe eile a chur chun cinn d'fhonn cruthaitheacht a chothú i leanaí agus daoine óga;

(iv) tacú le gníomhaíocht trasearnála maidir le feasacht chultúrtha agus léiriú cultúrtha agus sealbhú na n-inniúlachtaí agus scileanna ábhartha, lena n-áirítear scileanna ealaíonta agus teanga, a chur chun cinn.

Iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tionscadail agus gníomhaíochtaí a fhorbairt lena gcothófar an chruthaitheacht san oideachas, lena n-áirítear trí chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail OECD, Comhairle na hEorpa agus UNESCO, agus a fhócas ar smaointeoireacht chruthaitheach chriticiúil a leathnú amach go dtí gach leibhéal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na Dána agus Matamaitic) a chur chun cinn;

(ii) torthaí na dtionscnamh thuasluaite a chur chun cinn agus a scaipeadh, i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle agus i measc lucht féachana níos leithne.

3. Fiontraíocht na hóige sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a éascú

Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a marana a dhéanamh ar úsáid an chistithe atá ar fáil a bharrfheabhsú chun tacú le tionscadail i réimse na cruthaitheachta agus fiontraíocht na hóige, i gcás inarb ábhartha;

(ii) forbairt gorlanna tionsclaíocha, cónaitheachtaí, eagraíochtaí brostaithe gnó, braislí agus moil chruthaitheacha i réimsí an chultúir agus na cruthaitheachta, agus ardáin dhigiteacha chultúrtha a spreagadh, agus comhpháirtíochtaí agus gréasáin trasearnála a chur chun cinn;

(iii) cultúr fiontraíoch, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ó chéim luath agus tríd an oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, lena dtabharfaí aird ar leith ar úsáid smaointeoireacht dearaidh agus deiseanna oiliúna, mar shampla i bhfoirm tionscnaimh fhiontraíocha roimh chur chun feidhme plean gnó agus ina dhiaidh;

(iv) a marana a dhéanamh ar conas dála fabhracha a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta cultúrtha faoi bhainistiú daoine óga, lena dtacófaí le nuálaíocht trasearnála.

Iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) fiontraíocht chultúrtha agus chruthaitheach agus gréasáin trasearnála a chothú i measc daoine óga, lena gcuirfí béim ar an acmhainn atá iontu forbairt gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a spreagadh trí shoghluaisteacht, lena n-áirítear malartuithe, comhoibriú agus comhchruthú, cuairteanna staidéir agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama;

(ii) tacú le comhpháirtíochtaí idir gairmithe chultúrtha agus chruthaitheacha agus tionscail, lena n-áirítear trí ghnólachtaí nuathionscanta, moil chruthaitheacha agus gréasáin goraidh a chur chun cinn, d'fhonn teicneolaíocht cheannródaíoch agus eolaíocht a ionchorprú faoi chuimse na cruthaitheachta, an ealaín agus an dearaidh.

4. Teacht chun cinn tallann óg nua a chothú

Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a marana a dhéanamh ar an gcomhar idir geallsealbhóirí cultúrtha agus oideachasúla a neartú d'fhonn tacú le tallann chruthaitheach, iomaíochas a bhaineann le nuálaíocht a spreagadh agus barr saothair a chur ar fáil don chruthaitheacht i réimse an chultúir;

(ii) rochtain ar theicneolaíochtaí nua a leathnú, lena n-áirítear do dhaoine óga is teirce a ndeiseanna, d'fhonn daoine óga a bhfuil bua acu a chumhachtú.

Iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an cultúr agus an chruthaitheacht a chur chun cinn, lena n-áirítear trí oideachas ealaíonta faoi chláir ábhartha an Aontais;

(ii) tacú le tallann óg chruthaitheach a fhorbairt trí ardáin ilteangacha, scéimeanna agus beartais soghluaisteachta.

5. Scileanna digiteacha agus an tuiscint ar na meáin a chur chun cinn

Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) scileanna digiteacha, tuiscint ar na meáin agus smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cláir agus cistí ábhartha an Aontais, ós rud é go bhfuil siad sin bunriachtanach chun infhostaitheacht na glúine óige agus a gcumas dul in oiriúint d'athruithe struchtúrtha i dteicneolaíochtaí digiteacha a áirithiú. Féadfaidh comhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha a bheith ina nasc idir an t-oideachas, eagraíochtaí sibhialta agus gnólachtaí;

(ii) úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta, an smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil agus scileanna anailíseacha a chur chun cinn tríd an oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, lena n-áirítear acmhainní oscailte oideachais, d'fhonn forbairt a dhéanamh ar chumas daoine óga faisnéis a mheas;

(iii) leanúint de mhalartú dea-chleachtas agus taighde i measc saineolaithe agus lucht ceaptha beartas chun feabhas a chur ar shealbhú scileanna litearthachta meán.

IARRTAR AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN:

(i) Tacú le bearta chun na meáin a thuiscint, rud atá ríthábhachtach chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil daoine óga, ar rochtain ar chultúr, ar thuiscint ar fheiniméin chultúrtha agus ar an gcumas inneachar a chruthú;

(ii) tacú le hoiliúint a chur ar mhúinteoirí agus oibrithe don óige trí bhíthin oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, chun iad a ullmhú go cuí chun aghaidh a thabhairt ar litearthacht sna meáin nuair a bhíonn siad ag obair le leanaí agus daoine óga.

Iarrtar ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint dá chomhairliúchán le pobail saineolaithe sna Ballstáit faoi na bealaí is fearr chun tionscnaimh atá ann cheana a chomhiomlánú agus a chur chun cinn - lena n-áirítear trí uirlisí iomchuí ar líne - chun tógáil orthu agus feasacht a mhéadú i measc daoine óga ar na saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le timpeallacht dhigiteach na meán, amhail rannpháirtíocht agus cruthaitheacht, inchreidteacht, smaointeoireacht chriticiúil agus roghanna eolasacha, agus meas ar phríobháideachas.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun na glúine cruthaitheacha a ullmhú le haghaidh deiseanna agus dúshláin na todhchaí.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

**An Chomhairle Eorpach**

Dearbhú na Róimhe, 25 Márta 2017

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/2017 REV 1)

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2016 (EUCO 34/16)

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2016 (EUCO 31/16)

Dearbhú na Bratasláive an 16 Meán Fómhair 2016

**An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (IO C 172, 27.5.2015, lch. 13)

Conclúidí ón gComhairle maidir le hacmhainneachta chruthaitheachta agus nuála na ndaoine óga a chothú (IO C 169, 15.6.2012, lch 1)

Conclúidí ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí cultúrtha agus cruthaitheachta agus an ról atá acu i gcaipiteal intleachtúil na hEorpa a fhorbairt (IO C 372, 20.12.2011, lch. 19)

Conclúidí ón gComhairle maidir le glúin chruthaitheach a chur chun cinn: an acmhainn chruthaitheachta agus an acmhainn nuálaíochta a fhorbairt i leanaí agus i ndaoine óga trí léiriú cultúrtha agus trí rochtain ar an gcultúr (IO C 301, 11.12.2009, lch. 9)

Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle maidir le Creat nua Eorpach um Míchumas: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027 (IO C 456, 18.12.2018, lch. 1)

**An Coimisiún**

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr an 22 Bealtaine 2018 (COM (2018) 267 final)

Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Engaging, Connecting and Empowering young people: a new EU Youth Strategy*' [Ról, gaol agus cumhacht a thabhairt do dhaoine óga: Straitéis nua an Aontais i leith na hÓige] an 22 Bealtaine 2018, (COM(2018) 269 final)

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr an 14 Samhain 2017 (COM (2017) 673 final)

Tuarascálacha ón Meitheal um Mhodh Oscailte Comhordúcháin maidir le:

- feasacht agus léiriú cultúrtha;
- Rochtain ar an gcultúr a fheabhsú trí mheáin dhigiteacha (2016)
- Bearta nuálaíocha a shainaithint chun an fhiontraíocht agus samhlacha nua gnó a chur chun cinn in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta (2017)